Oideachas, Siamsaíocht & Spraoi

Teanga Tí (www.teangati.ie)
PEIG (www.peig.ie)
Údar (www.udar.ie)
Siopa (www.siopa.ie)
Cló Iar-Chonnacht (www.cic.ie)
Futa Fata (www.futafata.ie)
Leabhar Breac (www.leabharbreac.com)
GaelChultur (www.gaelchultur.com)
Molscéal (www.molsceal.ie)
Cúla 4 (www.cula4.com)
TG4 (www.tg4.ie)
Fíbín (www.fibin.ie)
Muintearas (www.muintearas.com)
Óga Yóga (www.ogayoga.ie)

Eolas & Comhairle

Tuismitheoirí na Gaeltachta (www.tuismitheoiri.ie)
Glór na nGael (glornangael.ie)
Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (091-593132)
Tús Maith (www.tusmaithocd.ie)
Conradh na Gaeilge (www.cnag.ie)
Tógaimis le Gaeilge Iad (Facebook)
Foras na Gaeilge (www.forasnagaeilge.ie)
Gaeloideachas (www.gaeloideachas.ie)
Talk Nua (www.talknua.com)

Scéal, Scéal, Scéal...

Cláraigh do nuachtlitir sheachtainiúil an Fhóraim, ag optchoisfharraige@gmail.com



Déan teagmháil linn!

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga
Inis Fáil,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe
H91 X63V

optchoisfharraige@gmail.com
083 010 6294 // 086 065 5520

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

Mo Theanga, Mo Theaghlach

Cúnamh, tacaíocht agus comhairle maidir leis an nGaeilge agus an dátheangachas.

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar fáil le tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí le ról lárnach a thabhairt don Ghaeilge sa saol laethúil. Tuairiscíodh i bPlean Teanga Chois Fharraige go bhfuil fonn ar thuismitheoirí Chois Fharraige céimeanna dearfacha a thógáil, le cinntiú go mbeidh an Ghaeilge á chothú, á chosaint agus á chaomhnú, mar theanga teaghlaigh ó ghlúin go glúin.

MO GHAELTACHT

Buntáistí an Dátheangachais

- tuiscint níos ilghnéithí ar theangacha
- aird a dhíriú agus a choinneáil ar thascanna agus iad a chur i gcrích
- scileanna litearthachta
- cumas cruthaitheachta níos fearr
- scileanna sóisialta agus cumarsáide
- scileanna cuimhne
- scileanna teangeolaíocha ag aois óg
- teangacha eile a fhoghlaim
- féiniúlacht, oidhreacht agus cultúr an pháiste

Céard gur féidir leat a dhéanamh, mar thuismitheoir?

- labhair le do pháiste, fiú muna bhfuil agat ach do chúpla focal
- má tá beagán Gaeilge agat, cuir léi. Cuireann an Fóram ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí
- bain úsáid as na meáin Ghaeilge, msh. *TG4, Raidió na Gaeltachta, Cúla4*

- bain úsáid as cluichí, ceol agus leabhair Ghaeilge
- freastal ar imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge
- bród agus meon dearfach i leith na Gaeilge a spreagadh

Céard iad na tacaíochtaí gur féidir leat a fháil?

Ranganna Gaeilge
Cuireann an Fóram ranganna Gaeilge do thuismitheoirí ar fáil. Más tosaitheoir tú, nó má tá tú ag iarraidh do chuid Gaeilge a fheabhsú, freastlófar ort.

Pacáiste Tacaíochta
Is féidir pacáiste tacaíochta a fháil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta do pháistí faoi 5 bliana d'aois, saor in aisce. (eolas@tuismitheoiri.ie)

Comhairle, Cúnamh & Eolas
Bíonn ceardlanna agus seisiúin eolais á reáchtáil le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, eolas a scaipeadh agus ceisteanna a fhreagairt.

Imeachtaí Sóisialta
Freastlaíonn na himeachtaí seo - ar an fíorshaol agus go fíorúil - ar mhuintir Chois Fharraige atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge.